C/2024/1597

15.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11320 — CISCO / SPLUNK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1597)

1. An 7.02.2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cisco Systems, Inc. ('Cisco', SAM); agus

— Splunk Inc. ('Splunk', SAM).

Gheobhaidh Cisco rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Splunk ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Forbraíonn, monaraíonn agus díolann Cisco raon leathan táirgí agus teicneolaíochtaí crua-earraí agus bogearraí arna gcur in úsáid ag gnólachtaí ar fud an domhain, lena n-áirítear líonrú, slándáil, comhoibriú, feidhmchláir, agus tairiscintí néalbhunaithe (e.g. feidhmchláir agus seirbhísí néalbhunaithe).

— Is díoltóir bogearraí é Splunk a chabhraíonn le heagraíochtaí monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht a gcóras digiteach agus iad a choinneáil slán. Ligeann réitigh slándála fiontraíochta agus inbhreathnaitheachta Splunk dá chustaiméirí brath, imscrúdú, agus freagairt ar shaincheisteanna slándála agus feidhmíochta a shimpliú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11320 — CISCO / SPLUNK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').